

Glór Cheatharlach

An tEarrach

"Anois teacht an earraigh, beidh an lá ag dul chun síneadh, Is tar éis na Féile Bríde ardóidh mé mo sheol. Ó chuir mé im cheann é ní stopfaidh mé choice, Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo."

TUGANN an dán cáiliúil seo le hAntaine Ó Raifteirí chun chuimhne dúinn go bhfuil séasúr an earraigh linn agus is iontach mar a léiríonn na línte an bheocht agus an bhríomhaireach a ghabhann i gcónaí leis an séasúr áirithe seo. File siúlach, scéalach agus ceolmhar ab ea Raifteirí agus is iomaí dalta scoile a chuir línte tosaigh a dháin dar teideal Cill Aodáin de ghlannmheabhar chun fáilte a fhearradh roimh theacht an earraigh. Tagann fás iontach ar an nádúr san earrach agus bíonn borradh suntasach leis an bhféar, na plandaí, na bláthanna agus na torthaí. Bíonn beocht agus fás agus dóchas i ngach uile áit. Cuireann sé gliondar orainn bláthanna an earraigh a fheiceáil idir an plúirín sneachta agus lus an chromchinn agus níos déanaí fós an samhaincín agus an sailcuach. Tagann múscailt ar na crainn freisin. Ní fada go mbeidh na bachlóga agus

an duiliúr úr glas ar na crainn. Is séasúr gnóthach an séasúr seo d'fheirmeoirí agus do gharraíodóirí ach go háirithe. Go hoifigiúil maireann an séasúr thar an trí mhí Feabhra, Márta agus Aibreán ach dar le lucht réamhfhaisnéis na haimsire ní thosnaíonn an t-earrach go dtí an chéad lá de Mhí an Mhárta. Is iomaí ócáid a cheiliúraimid i rith an earraigh ó Lá Fhéile Bríde ar an gcéad lá de Mhí Feabhra go Lá Fhéile Pádraig i gceartlár an tséasúir. Bíonn séasúr an Charghais againn leis an troscadh agus tréanas thar daichead lá agus ina dhiaidh sin ceiliúraimid Féile Mhór na Cásca. Anois teacht an earraigh! Go dtuagaimis comharthaí an fháis faoi deara mórtimpeall orainn agus go n-aithnímid áilleacht agus dóchas an dúlra i ndiaidh chodladh fada an gheimhridh.

Gluais: an t-earrach séasúr suntasach beocht múscailt bachlóga troscadh comharthaí

Glossary: spring season significant life awakening buds fasting signs

Cruinniú faoi Pharáid na Féile Pádraig

Tionólfar cruinniú poiblí ar an gCéadaoin, 4ú Feabhra ag 7.00i.n. i Halla an Bhaile chun an mórshiúl i mBaile Cheatharlach ar Lá Fhéile Pádraig a phlé agus a eagrú. Tugtar cuireadh do dhaoine aonair chomh maith le hionadaithe ó eagraíochtaí, scoileanna, clubanna agus cumainn spóirt chomh maith le lucht gnó an bhaile. Beidh fáilte roimh chách.

larrtar ar ghrúpaí, eagrais agus comhlachtaí uile iarracht an-mhór a dhéanamh i mbliana chun páirt a ghlacadh ins an mórshiúl ar Lá Fhéile Pádraig.

Gluais: cruinniú poiblí mórshiúl eagraíochtaí

Glossary: meeting public parade organizations



Banna Ceoil na Toirbhirte ag Mórshiúl na Féile Pádraig anuraidh



Newstalk's Sean Moncrieff and Bobby Kerr with Seven Oaks management Daniel McCarthy, Eoin Jacob and Michael Walsh
Photo: Thomas Nolan

Plúiríní Sneachta i nGairdíní Altamont

Tá an t-earrach linn go hoifigiúil agus mar chruthú ar sin tá na plúiríní sneachta go flúirseach i nGairdíní Altamont. Cuirfear tús le Féile na bPlúiríní Sneachta ansin ar an Luan seo chugainn, 9ú Feabhra. Is iontach an radharc é – brat bán de phlúiríní ag gobadh aníos ón gcré agus ag síneadh amach thar gháirdíní gleoite Altamont. Cuireann an pobal i gcoitinn gan trácht ar dhíograiseoirí na garraíodóireachta fíorchaoin

fáilte roimh Sheachtain na bPlúiríní Sneachta in Altamont chuile bhliain....anois teacht an earraigh srl! Leanfar le féile na bplúiríní go dtí an Domhnach, 15ú Feabhra agus is cinnte go mbeidh na sluaite ag teacht chuig Altamont ó chian is ó chongar chun an radharc draíochtúil a bhlaiseadh. Beidh turasanna treoirithe ag an bpríomhgharraíodóir gach lá ag tosnú ag 2.00 san iarnóin. Chomh maith leis an mbailiúchán de phlúiríní éagsúla beidh rogha leathan de bhlaithanna luath an earraigh le feiceáil ar fud na háite. Tá cead isteach saor in aisce chuig Gairdíní Altamont, a chlúdaíonn 40 achar ar fad, am ar bith ó 9.00 ar maidin go 4.30i.n. ach gearrfar táille €3 chun dul ar an turas faoi threoir. I gcás grúpaí móra ní foláir clárú roimhré agus

turas a chur in áirithe. Tá gach eolas ar fáil ach gaoch ar 059 9159444, 059 9130411 nó dul ar an suíomh www.carlowtourism.com. Mar sin tabhair aghaidh ar Altamont, bain taitneamh as na gairdíní agus na plúiríní agus fág slán go hoifigiúil le séasúr an Gheimhridh.

Gluais: plúiríní sneachta an t-earrach flúirseach ó chian is ó chongar radharc garraíodóir ag síneadh turasanna achar táille

Glossary: snowdrops spring plentiful from far and near vista gardener stretching tours acre fee

Gaeilge le Chéile an Earraigh

Cuirfear fáilte roimh chách ag Gaeilge le Chéile an earraigh nuair a bhaileoidh idir chainteoirí agus fhoghlaimeoirí le chéile i dteach tábhairne Reddys ar an Déardaoin, 5ú Feabhra ó 9.00i.n. Roinnfear scéalta agus nósanna a bhaineann le séasúr an earraigh ar a chéile. Is deis iontach í seo chun bualadh le daoine eile a labhraíonn Gaeilge agus is ócáid shóisialta í chomh maith.

Leanfar leis an gciocal comhrá seachtainiúil chomh maith gach

maidin Chéadaoin ag 10.30i.n. ins an Músaem ar Shráid na Tulaí. Cead isteach saor. Caint, comhrá agus comhlúadar trí Ghaeilge. Bí ann agus fáilte.

Gluais: séasúr an earraigh nósanna roinn ócáid Feabhra comhrá comhlúadar

Glossary: spring season customs share event February conversation company